TOMÁS BAIRÉAD PAPERS

GP2/143

Galway County Council Archives

NEXT WEEK IN THE ARTS

Theatre

LITTLE CHANGE in Dublin theatre this week. At the Gaiety, the first of the Neil Simon plays, **"Prisoner of Second Avenue"**, returns on Monday for one week only. Milo O'Shea and Anna Manahan play the leading roles as before.

At the Olympia, Edward Golden takes over the part of Da in Hugh Leonard's play of the same name. His original role, Drumm, is to be filled by Desmond Perry. John McGiver flies to New York to start rehearsals for the Broadway production at the end of next week

"The Only Street" has its last performance tonight; the cast are off to London to reopen the play at the King's Head. Hopes that "The Joslyn Circle" would return for a further week have not been fulfilled, so the Eblana will be dark all next week. John Molloy will open there in his one-man show on October 29th.

Another festival production **"Lord Arthur Saville's Crime"**, with Paul Murphy, John McKelvey and Liz Davis, moves from Cork to Waterford over the weekend. It opens at Waterford's Theatre Royal on Monday night.

To provide alternative entertainment for opera lovers at the Wexford Festival, which opens next Thursday, a new satirical revue, "Wexford Ho!" has been mounted for permormance in White's Hotel. Written by Christopher Fitz-Simon, with additional material by Anne Makower and R. B. D. French, the revue will play each evening at 8.30 p.m. from Saturday, October 27th to November 3rd inclusive.

It will open with a special midnight performance next Friday, and there will be additional midnight performances on Saturday, the 27th, and Wednesday, October 31st, and on Friday, November 2nd, and Saturday, November 3rd. The cast includes John Lynch, Noct Murphy and Anita Reeves, as well as Christopher Fitz-Simon and Anne Makower. The musical director is Eileen Studley.

Music

Saturday: St. Catherine's, Culwick Consort and College of Music Chamber Orchestra, Eric Sweeney (Purcell, Praise the Lord, 2 Fantasias, end of "Dido and Aeneas"; Haydn, hn conc (David Carmody); Mozart, Divertimento, 3 Motets, Monteverdi, duets from "Poppea"). PLAYER Wills, INO, "Don Pasquale". BELFAST, Workshop with Jean Allister.

Sunday: Burlington, Oireachtas Celtic Concert, LIMERICK, Savoy, "Carmen" film. RE, vhf, 3.30 Bach's B mi. Mass, Limerick Choral Union, RTESO, Colman Pearce with Jenny Hill, Bernadette Greevy, Frank Patterson, William Young. RE, 8, RTESO (O Riada, Olynthiac ov; Mozart, cl conc (Edward Brunner); Kodaly, Hary Janos suite). BBC3NI, 11.25, John O'Conor, pf.

Monday: TE, 10.20, Music Quiz with Veronica Dunne, John O'Conor, Kathleen Watkins, Mary Sheridan. RE, 10, Les Amis de la musique (Schubert, Minuet and Finale for wind octet; Beethoven, Octet in E flat).

Tuesday: RDS, Army Bands jubilee concert, with Winifred O'Dea and Giuseppe Giacomini.

Wednesday: RDS, Army Bands (as Tuesday). TE, 8, Menuhin plays Bach's E concerto with Zurich Chamber Orchestra. RE, 10.30-10.45, Jean Williamson, hpsd (Blow, Purcell, Scarlatti).

Thursday: Wexford Festival opens with Glinka's "Ivan Susanin" (alias "A Life for the Tsar). BELFAST, QU, 1.15 Vincent Hunt, vcl, Adrian Thomas, pf (inc Brahms sonata in E). RE, 10.20, RTES, Hans Waldermar Rosen, recorded at the National Gallery last April (Poulenc, Arcadelt, Jannequin's Battle of Marignan).

Friday: Wexford, White's, 5, Ian Fox talks about the operas: Theatre Royal, Prokofiev's "The Gambler". Dublin, St. Francis Xavier Hall, "Invitation Concert", Fred O'Callaghan conducts R.T.E.L.O. and S.O. members not in Wexford. Burlington Hotel, Oireachtas Prizewinners Concert. R.E., 10, R.T.E.S.O. (Boydell, Symphonic Inscapes; Delius, Brigg Fair; Sibelius, Tapiola).

Saturday Wexford, Whites, noon, Ian Fox introduces the night's opera: Whites, 5, *Ian Fox talks about Chaliapin: Theatre Royal, Donizetti's "L'ajo nel imbarazzo". Dublin, T.C.D. Museum, Professor

GP2/143

CAMPA GEIBHINN

Sean O Riordain

TÁ TOMÁS BAIRÉAD ar dhuine des na scríbhneoirí Gaeilge úd ná fuair riamh a gceart dar le mórán. Tá an teanga aige ó phréimh. Ar chuma Uí Chadhain tá sé ar fheabhas chun comhrá nádúrtha a thúirt leis. Ní ionann modh na beirte áfach. Cuid den iomlán is ea comhrá Bhairéid.

Is minic gurb é an comhrá an t-iomlán i gcás Uí Chadhain. Is mó a chuireann Ó Cadhain é féin sa chomhrá — cé go Bíonn an comhrá cadhanach ar tinneal leis labhairt le braith soiléir ar an gcomhrá chomh maith. Is mó an súp pearsanta a bhaineann Ó Cadhain as an gcomhrá. Bíonn on comhrá cadhanach as tinneal leis leis an rud, leis an teaspach, is Ó Cadhain. Tugann Ó Cadhain an comhrá níos sia ná thabharfadh an cainteoir é ach sa treo a thabharfadh an cainteoir é dá dtabharfadh agus gan amhras sa treo cadhanach chomh maith. Sórt scigaithris is ea an comhrá cadhanach atá níos cosúla leis an mbunchomhrá ná bheadh an bunchomhrá féin. Tugann sé an saol tamall níos sia ar bhóthar an tsaoil ná chuaigh an saol féin riamh — agus ar bhóthar Uí Chadhain. Leibhéal raibiléiseach ar ghnáthchomhrá is ea comhrá Uí Chadhain gan a bheith mídhílis do mheon an chomhráidh sin.

Tá leagan amach Bhairéid thar a bheith neamhthaibhseach. Maolú agus ní at a chleacht. Dá thiriúlla a chomhrá maolaíonn sé a dhomhan toisc a ghráin ar an rud taibhseach, ar dhíoghrais shaonta, ar an uile dhíoghrais. Tá leagan amach Gaeltachta agus Galltachta pósta ina shaothar agus ag faire ar a chéile ar cagla na scaothaireachta. Bíonn sé ar shíorfhaire chun ná cuirfí an dubh ina gheal air—ar chuma scoláire. Níor mhaith leis rud a rá gan fianaise aige air. Ba bhreá leis an gCadhanach nithe a thúirt chun na h-áiféise gur dóigh leis a bheith ginte ins an uile rud daonna. Tá droch-amhras fhear na Gaeltachta iontu araon. Ní féidir siúicriúlacht a chur i leith aoinne acu.

●

IS GEARR ANOIS go mbeidh leabhar ar fáil darb teideal "As Géibheann: Litreacha Chuig Tomás Bairéad." Máirtín Ó Cadhain an t-údar agus Sáirséal agus Dill na foilsitheoirí. Scríobh Máirtín na litreacha so (ach amháin trí cinn) le linn do bheith i bpríosún i gCurrach Chill Dara ó 1939 go dtí 1944. Tá réamhrá curtha ag Tomás leis na litreacha. Tá ár mbuíochas tuillte ag Tomás as an réamhrá agus as na litreacha a chimeád i dtaisce. Is ar éigin a fhéadfaí comaoin ba mhó a chur ar litríocht na Gaeilge nó go deimhin ar Éirinn.

Ba dheacair rud níos suimiúla ná na litreacha a shamhlú ach amháin, b'fhéidir, an réamhrá. Beidh teacht thar an leabhar so go ceann abhfad. Tá máirtín ina Mháirtín foirfe cheana féin. Cuireann Ó Cadhain Socrates i gcuimhne dhom cé ná féadfaidís a bheith níos neamhchosúla ar shlite. Ach tá na cosúlachtaí ann. Faigheann siad araon seilbh ar pé aigne a bhíonn ag trácht orthu agus labhrann siad tríthi neambalbh, neamhthruaillithe, c.f. scríbhinní Phlato.

Thar Ghealchathair Soir le Breandán Ó hÉithir agus an réamhrá so. Rud eile bhíodar araon áitiúil agus domhanda dá bharr. Tá rud ag baint lena gcomhrá araon —Máirtín agus Socrates—a mhairfidh go deo. Ba dhóigh leat orthu araon go rabhadar riamh ann agus go mbeidh go bráth. Do cheapadh gur ar éigin má fhéadfaí an Ghaeilge a chimeád beo sa Ghaeltacht. Ní deirim ná raibh réasún leis an dream a cheap. Cheap Máirtín féin é. Ach is uileghabhálaí Ó Cadhain ná aon rud go rabhtas ag súil leis. Ní h-aon mhionchultúr a thuille i. Tá sí dulta ceangailte i meon an domhain.

Ón uair ná fuil ar fáil go fóill ach na profaí níor mhiste somhlaistí beaga as an dá fhoinse seo a thúirt. An réamhrá ar dtúis. Bhíodh Tomás á spreagadh i gcónaí chun scríbhneoireachta. "Ansin chuir mé romham obair abhfad níos deacra ná é sin: é dhealú amach ó I.R.A. agus ó gach rud eile a chuirfeadh isteach ar obair a phinn . . . 'I'll get him to do it,' arsa Larry de Lacy liom. 'D'iarr sé orm an I.R.A. a thréigean, rud nach ndéanfainn, agus a bhfuil de bhuachaillí meallta isteach agam ann,' arsa Máirtín liom."

"Ba bheag am a chaith mé dhá bhrostú chun cumadóireachta le hais ar chaith mé ag impí air a dhul le símplíocht." Ba dhoiléir le Tomás Máirtín. "Níl beo an té a chuirfeadh an oiread daoine ag léamh Gaeilge is a chuirfeása dhá scríobhfá Gaeilge shímplí, shothuigthe, ach níl a fhios agam nach mó an dochar atá dhá dhéanamh agat ná ag lucht an Compulsory Irish." "B'fhearr le Máirtín poll ar an bputóg ná poll ar an onóir." "Bhí an oiread Gaeilge ag Máirtín agus a bhí ag leath na tíre. Bhíodh sí sa bhealach air agus dá bhascadh uaireannta."

Máirtín a dúirt é seo: "Chonaic mé inné (duine dhe cheannairí Fhine Gaeil) agus is ar éigin d'aithnigh mé é. Té séina sheanfhear críochnaithe. Ní thabharfadh aon bhean grá dhó arís choíche! Ach thabharfadh siad grá dho Dev!" Ansan deir Bairéad: "Tar éis a laighead meas is a bhí aige ar Dev, má b'fhíor dho féin." Agus seo rud a chuirfidh ionadh ar dhaoine: "Nuair a léigh mé 'Gaillimh Thiar' leis i gComhar, Lúnasa 1969 agus Páipéir Bhána agus Páipéir Bhreaca, chuir a raibh de Ghaeilge lochtach iontu iontas orm . . ." Agus mar bhuille scoir: "An raibh sé contúirteach? Bhí dhá dtabharfá áird ar a ghlórtha béil. Ach ní h-í an bhó is airde géim is troime lacht i gcónaí."

●

TÁ FLÍPEANNA tarraingthe ag Máirtín ar dhaoine ins na litreacha. Ní flípeanna go dtí iad. Iontu is mó a bheidh suim. Mothaím flípitis orm. Tá na litreacha cáinteach, bricriúach, searúsach, raibiléiseach, léannta, suimiúil, croíúil, saibhir, flaithiúil. Vintage Ó Cadhain. Chím go ndeir sé i litir amháin: "Léigh mé Rabelais ó thús deire." O my prophetic soul! Níor ghá dho é. Faigheann Máirtín Ó Direáin go minic é.

Ar mo leabhar breac beidh daoine ag maíomh as na h-ionsaithe a dhein Ó Cadhain orthu fós. "Ní mheasaim go ndéanfa file Árann aon chúis. B'fhéidir gur marach orm féin, ach ní tear dom an 'inflatus' ina chuid ranntaíochta . . ." (Ní aontaím féin bán ná dearg leis.) Ach faigheann Yeats é chomh maith: "Tá mé tar éis filíocht Yeats a léamh agus tá a lán luifearnaigh inti measaim. Na dánta fé Éirinn agus filíocht tús a shaoil is fearr. Tá riar den chuid eile go maith ach níl sí go cumasach. B'fhearr liom 'Dónall Óg' . . ." Tá sé cruaidh ar a leathbhádóir raibiléiseach féin, Myles na gCopaleen (Breá liom na Raibiléisigh ag ithe a chéile.) "Léigh mé caibidil nó dhó den Bhéal Bocht, ach chaith mé de leithrigh é. Bhí mé sáthach di. Sé an rud a chuala mé chuile dhuine a rá, aos litríochta agus eile: 'tá sí ceart go leor, ach níor thuill sí a ndearnadh de thorann fúithi'." Arís i leitir eile: "Feicthear dom ná fuil maith ar bith fanta le Myles na gCopaleen mara mbíonn uair nó sé nó seachrán ann." Maidir leis an Bell, dúirt sé "gur olc an aghaidh scilling a thúirt air." Deir sé i litir eile: "Tá mé in ndon Fraincis a scríobh go maith anois," agus i gceann eile: "Tá cuid d'fhilíocht Villon as mo bhéal agam—foghlaimím cúpla ceathrú ar céalacan chuile mhaidin . . ."

●

Seo slamaice eile: ". . . an bhfuil fhios ag an censor liteardha cén sórt leabhra atá dhá chur amach i nGaeilge faoi choimirce an Rialtais? Tá ceann nuafhoilsithe anso agus tá an ball fearga atá ag duine de na gaiscígh inti ag dul go glúine leis. Ní locht atá mé a fháil air ach a mhalairt ach mar sin féin níl gaiscígh Oileáin na Naomh in ainm agus a leithéid de bhall a bheith chor ar bith acu . . ."

Tá trácht ar Sheán a' Chóta. Giolla an Fhoclóra a thugann sé air. "Is dóigh liom go bhfeaca tú caint an Diolúnaigh agus freagra an chóta. Ní call domsa tada a rá faoi sin. Tá an ghráin agam ar an Diolúnach ach b'údar gáire ar dhúirt sé mar sin féin." Thug Dillon "enterprising Irish Etymologist" ar an gCóta le seanabhlas. Cacadóir ab ea Dillon gach aon lá riamh.

Dúirt Aindréas Ó Gallchóir liom go raibh buitléir ag Máirtín tráth. D'inseas é don Athair Tadhg Ó Murchú. Dúirt sé liom ná raibh ach Gaeilgeoir amháin eile go mbeadh a leithéid aige agus gurbh shin Seán a' Chóta. Tá trácht anso leis ar Hitler, ar Roddy The Rover, ar Sheán Ó Cathasaigh, ar Dhónal Ó Corcora, ar Sheamas Delargy, ar Chriostóir Mac Anghusa, ar Liam Ó Rinn, ar Frank O Connor, ar Thomás de Bháldraithe agus b'fhéidir ortsa. Ceannaigh an leabhar so nó beidh thiar ort.